Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**10300/25**
**ADD 13**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0162(NLE)**

**AELE 53**
**CH 19**
**MI 400**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 309 iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 309 - Iarscríbhinn 13.

Encl.: COM(2025) 309 iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.6.2025
COM(2025) 309 final

ANNEX 13

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú**

Dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagal 2(2) den Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, pacáiste leathain comhaontuithe arb é is aidhm dóibh, an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú

Dearbhuithe Comhpháirteacha a ghabhann leis an bPrótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine:

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE SAORÁNACHT AN AONTAIS

Níl aon choibhéis ag coincheap shaoránacht an Aontais mar a tugadh isteach é le Conradh Maastricht (Airteagal 9 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 20(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh anois) sa Chomhaontú maidir le saorghluaiseacht daoine.

Dá bhrí sin, beidh comhtháthú Threoir 2004/38/CE sa Chomhaontú, faoi réir na n-eisceachtaí a leagtar amach sa Chomhaontú, gan dochar don mheastóireacht ar ábhartheacht reachtaíocht an Aontais a bheidh ann amach anseo, chomh maith le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, roimh shíniú an Chomhaontaithe nó ina dhiaidh sin, don Chomhaontú, bunaithe ar choincheap shaoránacht an Aontais. Cinnfear an ábharthacht sin, i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le saorghluaiseacht daoine, lena n-áirítear forálacha an Phrótacail Institiúidigh a ghabhann leis an gComhaontú.

Ní sholáthraítear leis an gComhaontú bunús dlí le haghaidh cearta polaitiúla náisiúnaigh na mBallstát agus na hEilvéise.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
MAIDIR LE SÁRÚ CEART A THUGTAR LE TREOIR 2004/38/CE A CHOSC
AGUS GNÍOMHÚ IN AGHAIDH AN tSÁRAITHE SIN

Deimhníonn na Páirtithe Conarthacha an cuspóir coiteann maidir le sárú ceart a thugtar le Treoir 2004/38/CE[1] a chosc agus gníomhú in aghaidh an tsáraithe sin, i gcomhréir le hAirteagal 35 den Treoir sin, go háirithe maidir le rochtain ar chúnamh sóisialta.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
MAIDIR LE CÚNAMH SÓISIALTA A DHIÚLTÚ AGUS CÓNAÍ A FHOIRCEANNADH
SULA bhFAIGHTEAR BUANCHÓNAÍ

Tá na Páirtithe Conarthacha ar aon tuairim nár cheart saoránaigh den Aontas ná náisiúnaigh na hEilvéise a bheith ina n-ualach míréasúnta ar chórais cúnaimh shóisialta na hEilvéise agus na mBallstát faoi seach. Ar an gcúis sin, féadfaidh na Páirtithe:

(i) le linn na chéad 3 mhí cónaithe, rochtain ar chúnamh sóisialta a dhiúltú do dhaoine nach oibrithe, daoine féinfhostaithe, nó daoine a bhfuil stádas mar oibrí nó duine féinfhostaithe acu iad agus dá mbaill teaghlaigh, gan measúnú ar leith a dhéanamh ar chás an duine sin;

(ii) diúltú cúnamh sóisialta a dheonú do dhaoine atá neamhghníomhach go heacnamaíoch nach gcomhlíonann an ceanglas acmhainní leordhóthanacha a bheith acu dóibh féin agus dá mbaill teaghlaigh;

---

[1] Treoir 2004/38/CE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77), de réir mar is infheidhme i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú.

(iii) i gcás cuardaitheoirí poist céaduaire agus daoine nach bhfuil stádas mar oibrí nó stádas féinfhostaithe acu, diúltú cúnamh sóisialta a dheonú gan measúnú ar leith a dhéanamh ar chás an duine.

I gcomhréir le hAirteagail 14 agus 15 de Threoir 2004/38/CE[1], féadfaidh an Eilvéis agus na Ballstáit daoine nach gcomhlíonann na ceanglais maidir le ceart cónaithe a thuilleadh a dhíbirt, ar nós daoine nach bhfuil stádas mar oibrí ná stádas féinfhostaithe acu a thuilleadh agus nach bhfuil cearta cónaithe acu bunaithe ar fhorálacha eile den Treoir. Chun stádas mar oibrí a choinneáil, ní mór d'oibrithe nó do dhaoine féinfhostaithe, cé is moite dóibh siúd nach bhfuil in ann obair go sealadach mar thoradh ar bhreoiteacht nó ar thionóisc, a d'éirigh dífhostaithe go neamhdheonach, clárú mar chuardaitheoirí poist leis na hoifigí fostaíochta ábhartha agus na ceanglais a chomhlíonadh chun leanúint de bheith cláraithe mar chuardaitheoirí poist leis na seirbhísí poiblí fostaíochta, ar choinníoll nach bhfuil na ceanglais sin idirdhealaitheach. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh an Stát óstach a chur san áireamh, ar bhonn cás ar chás agus tríd an gcaighdeán céanna a chur i bhfeidhm maidir lena náisiúnaigh féin, an bhfuil cuardaitheoir poist ag comhoibriú i ndáiríre de mheon macánta leis an oifig ábhartha d'fhonn dul isteach arís sa mhargadh fostaíochta. Is é is cuspóir don chomhar sin go bhfaighidh an cuardaitheoir poist post laistigh de thréimhse réasúnta ama.

Ba cheart é sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

---

1 Treoir 2004/38/CE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77), de réir mar is infheidhme i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
MAIDIR LEIS AN bhFÓGRA FAOI DHUL I mBUN FOSTAÍOCHTA

Tá na Páirtithe Conarthacha ar aon tuairim gur cheart ailíniú dinimiciúil na hEilvéise le gníomhartha dlí de chuid an Aontais i réimse na saorghluaiseachta daoine a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm oibleagáidí riaracháin comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha ar fhostóirí chun fógra a thabhairt do na húdaráis faoi dhul i mbun fostaíochta, amhail nós imeachta na hEilvéise um fhógra a thabhairt maidir le tréimhsí gearrfhanachta a bhaineann leis an obair, atá beartaithe chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis ábhartha rialuithe éifeachtúla a dhéanamh ar an margadh saothair.

Níor cheart go ndéanfadh aon oibleagáid riaracháin den sórt sin difear do cheart cónaithe an duine, lena n-áirítear chun buanchónaí a fháil.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
I nDÁIL LEIS AN gCOINBHINSIÚN MAIDIR LE CÁILÍOCHTAÍ A AITHINT

Tugann na Páirtithe Conarthacha dá n-aire gur páirtithe iad na Ballstáit uile agus an Eilvéis sa Choinbhinsiún maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais sa Réigiún Eorpach a Aithint agus deimhníonn siad go gcomhlíonann siad é, mar a bhí i bhfeidhm ar dháta sínithe an Phrótacail Leasaithigh, i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE FOLÚNTAIS

Níor cheart go gcuirfeadh ailíniú dinimiciúil na hEilvéise le *acquis* EURES isteach ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 121a de Bhunreacht Cónaidhme na hEilvéise, lena bhforáiltear d'oibleagáid ar fhostóirí na hEilvéise folúntais i ngairmeacha sonracha a bhfuil leibhéal dífhostaíochta os cionn an mheáin acu a chlárú leis an ionad fostaíochta réigiúnach sula gcuirfear na folúntais ar fáil go poiblí agus sula ndéanfar iad a tharchur chuig tairseach EURES.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
MAIDIR LE COMHCHUSPÓIRÍ I nDÁIL LEIS AN tSAOIRSE
CHUN SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR SUAS LE 90 LÁ OIBRE
AGUS CEARTA OIBRITHE AR POSTÚ A ÁIRITHIÚ

Tá sé de chuspóir coiteann ag an Eilvéis agus ag an Aontas coinníollacha cothroma a thabhairt dá saoránaigh agus dá n-oibreoirí eacnamaíocha maidir leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar ar feadh suas le 90 lá d'obair iarbhír in aghaidh na bliana féilire (lena n-áirítear oibrithe a phostú) agus cearta oibrithe á n-áirithiú go hiomlán an tráth céanna.

Tá an Eilvéis agus an tAontas ar aon tuairim go bhfuil gá le rialuithe comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha chun an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus cur i bhfeidhm ceart agus éifeachtach na rialacha lena gcosnaítear oibrithe trí chosc a chur ar mhí-úsáid agus imchéimniú a áirithiú.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
MAIDIR LE CÓRAIS RIALAITHE ÉIFEACHTACHA
LENA n-ÁIRÍTEAR CÓRAS DÉ-FHORFHEIDHMIÚCHÁIN NA hEILVÉISE

Dearbhaíonn na Páirtithe Conarthacha gur cheart na córais rialaithe arna gcur ar bun ag an Eilvéis agus ag na Ballstáit a bheith oiriúnach, éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach. Ba cheart do na comhlachtaí forfheidhmithe inniúla faoin dlí náisiúnta rialuithe éifeachtacha a dhéanamh ar a gcríoch chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Is ar na húdaráis ainmnithe agus ar chomhlachtaí ábhartha faireacháin agus forfheidhmithe eile faoin dlí náisiúnta atá an fhreagracht as rialuithe éifeachtacha a dhéanamh chun comhlíonadh na rialacha agus na rialachán is infheidhme a áirithiú, údaráis agus comhlachtaí ar féidir, mar is amhlaidh i gcás na hEilvéise, comhpháirtithe sóisialta a bheith i gceist leo, i gcomhréir le córas de-fhorfheidhmiúcháin na hEilvéise. Áirithítear leis an socrú sin go gcloítear le cumhachtaí rialaithe agus smachtbhannaí na n-eintiteas sin agus go n-urramaítear iad. Ba cheart rialuithe a dhéanamh ar bhealach comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, agus é á chur san áireamh go gcuireann an Comhaontú teorainn 90 lá oibre iarbhír in aghaidh na bliana féilire leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LEIS AN bPRIONSABAL
'PÁ COMHIONAINN AS OBAIR CHOMHIONANN SAN ÁIT CHÉANNA'
AGUS MAIDIR LE LEIBHÉAL COMHRÉIREACH AGUS LEORDHÓTHANACH
COSANTA D'OIBRITHE AR POSTÚ

I bhfianaise an chuspóra choitinn atá ag an Eilvéis agus ag an Aontas seasamh leis an bprionsabal 'pá comhionann as obair chomhionann san áit chéanna' agus go bhfuil an prionsabal sin á chur i bhfeidhm ag an Eilvéis ó tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2002 agus gur neartaigh sí a chur chun feidhme le blianta beaga anuas ar bhonn anailís riosca oibiachtúil agus comhréireacht rialuithe, is féidir leis an Eilvéis agus leis an Aontas araon leibhéal comhréireach agus leordhóthanach cosanta a ráthú. Is é is aidhm dóibh an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar a ráthú agus, an tráth céanna, forfheidhmiú cothrom agus éifeachtach rialachán a áirithiú, agus ar an gcaoi sin aon mhí-úsáid nó imchéimniú a chosc.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT NA hEILVÉISE
I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ AN ÚDARÁIS EORPAIGH SAOTHAIR

Ba cheart don Eilvéis a bheith in ann leanúint de bheith rannpháirteach i gcruinnithe agus i bplé Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh Saothair mar bhreathnóir, gan dochar do shocruithe oibre a d'fhéadfadh an tÚdarás a bhunú leis an Eilvéis i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2019/1149[1].

[1] Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21), lena n-áirítear aon leasú air ina dhiaidh sin.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
MAIDIR LEIS AN gCÓRAS CLÁRÚCHÁIN DEARBHAITHEACH
D'OIBRITHE TEORANN

Comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha, i gcás ina mbreithneoidh an Eilvéis oibrithe teorann a chlárú chun críoch dearbhaitheach i gcomhréir le hAirteagal 7a den Chomhaontú, gur cheart don Eilvéis aghaidh a thabhairt air sin leis na Ballstáit chomharsanachta sna fóraim dhéthaobhacha ábhartha. Níor cheart go mbeadh aon chóir dhifreáilte idir oibrithe teorann faoin gComhaontú mar thoradh ar phlé den sórt sin agus tá sé gan dochar do chearta agus d'oibleagáidí na n-oibrithe teorann faoin gComhaontú.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
MAIDIR LE DHÁ GHNÍOMH DLÍ DE CHUID AN AONTAIS A ÁIREAMH
IN IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ

Tá na Páirtithe Conarthacha ar aon tuairim go dtagann Rialachán (AE) 2024/2747[1] go páirteach faoi raon feidhme an Chomhaontaithe. Comhaontaíonn siad go ndéanfaidh an Comhchoiste na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar an Rialachán sin a chomhtháthú in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú díreach tar éis theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú. Cuirfear san áireamh sa chomhtháthú gné chothrománach an Rialacháin agus na naisc a d'fhéadfadh a bheith aige le comhaontuithe déthaobhacha eile idir na Páirtithe Conarthacha.

1 Rialachán (AE) 2024/2747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear creat beart a bhaineann le héigeandáil sa mhargadh inmheánach agus le hathléimneacht an mhargaidh inmheánaigh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle (Gníomh um Éigeandálaí sa Mhargadh Inmheánach agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh) (IO L, 2024/2747, 8.11.2024).

Tá na Páirtithe Conarthacha ar aon tuairim go dtagann Treoir (AE) 2024/2841[1] faoi raon feidhme an Chomhaontaithe. Comhaontaíonn siad go ndéanfaidh an Comhchoiste na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar an Treoir sin a chomhtháthú in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú díreach tar éis theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
A GHABHANN LEIS AN bPRÓTACAL MAIDIR LE STÁTCHABHAIR
A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH
AGUS CÓNAIDHM NA hEILVÉISE MAIDIR LE hAERIOMPAR

Má dheonaíonn an Coimisiún Eorpach tacaíocht airgeadais, i bhfoirm ar bith, nach bhfuil faoi réir rialacha maidir le státchabhair faoin bPrótacal seo, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe agus a dhéanann difear do thrádáil idir na Páirtithe Conarthacha laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe, féadfaidh an Eilvéis comhairliúcháin a iarraidh chun an t-ábhar a phlé.

1 Treoir (AE) 2024/2841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas (IO L, 2024/2841, 14.11.2024).

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
A GHABHANN LEIS AN bPRÓTACAL LEASAITHEACH
A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH
AGUS CÓNAIDHM NA hEILVÉISE MAIDIR LE hIOMPAR EARRAÍ
AGUS PAISINÉIRÍ D'IARNRÓD AGUS DE BHÓTHAR

1. Tugann na Páirtithe Conarthacha dá n-aire go gceadaítear le dlí an Aontais is infheidhme do chomhlachtaí náisiúnta neamhspleácha um leithdháileadh acmhainne a bheith inniúil chun bealaí traenach a leithdháileadh ar bhealach neamh-idirdhealaitheach.

Tugann na Páirtithe Conarthacha dá n-aire, i gcomhréir le Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar iarnróid Eorpach aonair (IO L 343, 14.12.2012, lch. 32), go bhfanann an bainistiú tráchta faoi inniúlacht na mbainisteoirí náisiúnta bonneagair.

2. Tugann na Páirtithe Conarthacha dá n-aire, faoi réir na rialacha iomaíochta lena mbaineann, nach gcuireann dlí an Aontais is infheidhme bac ar ghrúpálacha idirnáisiúnta seirbhísí idirnáisiúnta a oibriú, lena n-áirítear seirbhísí idirnáisiúnta atá comhdhéanta go páirteach de sheirbhísí atá rannpháirteach san amchlár timthriallach.

3. Féachann na Páirtithe Conarthacha le síneadh a chur leis na bearta idirthréimhseacha gach 3 bliana chun trácht iarnróid rianúil idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach dá bhforáiltear le Cinneadh Uimh. 2/2019 ó Choiste an Chomhphobail/na hEilvéise um Iompar Intíre (IO AE L 13, 17.1.2020, lch. 43) a choinneáil ar bun, faoi réir chinntí an Chomhchoiste faoi seach.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
A GHABHANN LEIS AN bPRÓTACAL MAIDIR LE STÁTCHABHAIR
A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH
AGUS CÓNAIDHM NA hEILVÉISE MAIDIR LE hIOMPAR EARRAÍ
AGUS PAISINÉIRÍ D'IARNRÓD AGUS DE BHÓTHAR

Má dheonaíonn an Coimisiún Eorpach tacaíocht airgeadais, i bhfoirm ar bith, nach bhfuil faoi réir rialacha maidir le státchabhair faoin bPrótacal seo, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe agus a dhéanann difear do thrádáil idir na Páirtithe Conarthacha laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe, féadfaidh an Eilvéis comhairliúcháin a iarraidh chun an t-ábhar a phlé.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ
IDIR AN tAONTAS EORPACH
AGUS CÓNAIDHM NA hEILVÉISE MAIDIR LE LEICTREACHAS

Má dheonaíonn an Coimisiún Eorpach tacaíocht airgeadais, i bhfoirm ar bith, nach bhfuil faoi réir rialacha maidir le státchabhair faoin gComhaontú seo idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le Leictreachas agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe agus a dhéanann difear don trádáil idir na Páirtithe Conarthacha laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe, féadfaidh an Eilvéis comhairliúcháin a iarraidh chun an t-ábhar a phlé.

Dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagal 2(3) den Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, pacáiste leathain comhaontuithe arb é is aidhm dóibh, an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú

DEARBHÚ ÓN EILVÉIS
MAIDIR LE BEARTA ATÁ LE DÉANAMH I LEITH DAOINE FÉINFHOSTAITHE
I gCOMHTHÉACS AN NÓS IMEACHTA UM FHÓGRA A THABHAIRT
MAIDIR LE TRÉIMHSÍ GEARRFHANACHTA A BHAINEANN LEIS AN OBAIR

Dearbhaíonn an Eilvéis, i bhfianaise na réiteach maidir le hoibrithe a phostú a bhfuil tuairisc orthu in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú agus sa Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an bhfógra faoi dhul i mbun fostaíochta, go ndéanfaidh sí bearta, más gá, chun a áirithiú nach rachaidh daoine féinfhostaithe timpeall ar na rialacha sin.

Dearbhú a ghabhann leis an gComhaontú
idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le sláinte

DEARBHÚ
Ó CHÓNAIDHM NA hEILVÉISE MAIDIR LEIS
NA GNÉITHE INSTITIÚIDEACHA A ÁIREAMH, *MUTATIS MUTANDIS*,
SA CHOMHAONTÚ MAIDIR LE SLÁINTE

Dearbhaíonn Cónaidhm na hEilvéise nach n-áirítear sa Chomhaontú seo na gnéithe institiúideacha is coiteann do na comhaontuithe sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach ach amháin, mutatis mutandis, ós rud é go bhfuil gá leis sin le haghaidh fheidhmiú an chomhair a leagtar amach ann. Ní fasach é sin a mhéid a bhaineann le comhaontuithe amach anseo nach bhfuil sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach.

________________